AN tAONTAS EORPACH

PARLAIMINT NA hEORPA | AN CHOMHAIRLE

An Bhruiséil, 25 Eanáir 2017
(OR. en)

2016/0218 (COD) | PE-CONS 56/16

COWEB 151
WTO 354
CODEC 1855

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le nósanna imeachta áirithe chun an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus an Chosaiv* den pháirt eile, a chur i bhfeidhm |

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim an CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

**RIALACHÁN (AE) 2017/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an**

**maidir le nósanna imeachta áirithe**
**chun an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir**
**an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus an Chosaiv[*] den pháirt eile, a chur i bhfeidhm**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[1],

---

* Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim an CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

1 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Eanáir 2017 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an …..

De bharr an méid seo a leanas:

(1) An 27 Deireadh Fómhair 2015, síníodh an Comhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt amháin, agus an Chosaiv[*] den pháirt eile[1] (an'Comhaontú'). Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Aibreán 2016.

(2) Is gá rialacha a leagan síos maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe de chuid an Chomhaontaithe chomh maith leis na nósanna imeachta maidir le rialacha mionsonraithe cur chun feidhme a ghlacadh.

(3) Ar mhaithe le coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle2. I gcomhréir leis an Rialachán sin, beidh feidhm ag an nós imeachta scrúdúcháin, go háirithe chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh i ndáil leis an gcomhbheartas tráchtála. Féadfaidh feidhm a bheith ag an nós imeachta comhairliúcháin i gcásanna a bhfuil údar cuí leo, áfach. I gcás ina ndéanann an Comhaontú foráil maidir leis an bhféidearthacht, in imthosca eisceachtúla agus géibheannacha, na bearta is gá chun dul i ngleic leis an staid a chur i bhfeidhm gan mhoill, ba cheart don Choimisiún na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh láithreach. Ba cheart don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach a ghlacadh más rud é, i gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus a bhaineann le bearta maidir le táirgí talmhaíochta agus iascaigh, go n-éilítear amhlaidh ar mhórfhorais phráinne.

---

[*] Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim an CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

[1] IO L 71, 16.3.2016, lch. 3.

[2] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

(4) Tá sé leagtha amach sa Chomhaontú go bhféadfar táirgí áirithe talmhaíochta agus iascaigh de thionscnamh na Cosaive a allmhairiú isteach san Aontas ar dhleacht chustaim laghdaithe, laistigh de theorainneacha na gcuótaí taraife. Is gá, dá bhrí sin, forálacha a leagan síos lena rialálfar bainistiú agus athbhreithniú na gcuótaí taraife sin chun gur féidir measúnú críochnúil a dhéanamh orthu.

(5) I gcás ina dtiocfaidh bearta cosanta trádála chun bheith riachtanach, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1], Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2] nó, de réir an cháis, Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3].

(6) I gcás ina dtugann Ballstát faisnéis don Choimisiún faoi chás féideartha calaoise nó mainneachtana comhar riaracháin a sholáthar, ba cheart feidhm a bheith ag reachtaíocht ábhartha an Aontais, go háirithe Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle[4].

(7) Tá bearta cur chun feidhme don Chomhaontú sa Rialachán seo, agus ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith aige ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

---

[1] Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí (IO L 83, 27.3.2015, p. 16).

[2] Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad.

[3] Rialacháin (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (IO L 176, 30.6.2016, lch. 55).

[4] Rialachán (CE) Uimh. 515/97 ón gComhairle an 13 Márta 1997 maidir le cúnamh frithpháirteach idir údaráis riaracháin na mBallstát agus maidir le comhar idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun a áirithiú go gcuirfear an dlí ar ábhair chustaim agus ar ábhair thalmhaíochta i bhfeidhm i gceart (IO L 82, 22.3.1997, lch. 1).

*Airteagal 1*

*Ábhar*

Sa Rialachán seo, leagtar síos na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme forálacha áirithe den Chomhaontú Cobhsaíochta agus Comhlachais idir an tAontas Eorpach agus an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, de pháirt, agus an Chosaiv[*], den pháirt eile (an 'Comhaontú').

*Airteagal 2*

*Lamháltais d'iasc agus do tháirgí iascaigh*

Déanfaidh an Coimisiún rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Airteagal 31 den Chomhaontú, maidir le cuótaí taraife d'iasc agus do tháirgí iascaigh, a ghlacadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal ***12***(3) den Rialachán seo.

*Airteagal 3*

*Laghduithe taraife*

1. Faoi réir mhír 2, déanfar rátaí dleachta fabhraí a shlánú síos go dtí an chéad ionad deachúlach.

[*] Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le Tuairim an CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

2. Measfar an ráta fabhrach mar dhíolúine iomlán más rud é gurb ionann toradh ríomh an ráta dleachta fabhraí i gcomhréir le mír 1 agus ceann díobh seo a leanas:

(a) 1 % nó níos lú i gcás dleachtanna ad valorem;

(b) EUR 1 nó níos lú in aghaidh an méid aonair i gcás dleachtanna sonracha.

*Airteagal 4*

*Oiriúnuithe teicniúla*

Glacfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, leasuithe agus oiriúnuithe teicniúla ar na forálacha arna nglacadh de bhun an Rialacháin seo a bhfuil gá leo tar éis athruithe ar chóid na hAinmníochta Comhcheangailte agus ar fho-rannta Taraif Chomhtháite an Chomhphobail Eorpaigh nó a thagann as comhaontuithe, prótacail, malartuithe litreacha nó gníomhartha eile, idir nua agus mhodhnaithe, a thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an Chosaiv. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(3) den Rialachán seo.

*Airteagal 5*

*Clásal cosanta ginearálta*

I gcás inar gá don Aontas beart a dhéanamh mar a fhoráiltear in Airteagal 43 den Chomhaontú, glacfaidh an Coimisiún an beart sin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(3) den Rialachán seo, mura sonraítear a mhalairt in Airteagal 43 den Chomhaontú.

*Airteagal 6*

*Clásal ganntanais*

I gcás inar gá don Aontas beart a dhéanamh amhail dá bhforáiltear in Airteagal 44 den Chomhaontú, glacfaidh an Coimisiún an beart sin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(3) den Rialachán seo.

*Airteagal 7*

*Imthosca eisceachtúla agus géibheannacha*

I gcás ina dtagann imthosca eisceachtúla agus géibheannacha chun cinn de réir bhrí Airteagal 43(5)(b) agus Airteagal 44(4) den Chomhaontú, féadfaidh an Coimisiún bearta a bheidh infheidhme láithreach a ghlacadh amhail dá bhforáiltear in Airteagal 43 agus Airteagal 44 den Chomhaontú, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12(4) den Rialachán seo.

*Airteagal 8*

*Clásal cosanta do tháirgí talmhaíochta agus iascaigh*

1. D'ainneoin na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5 agus Airteagal 6 den Rialachán seo, i gcás inar gá don Aontas beart a dhéanamh dá bhforáiltear in Airteagal 34 nó 43 den Chomhaontú, maidir le táirgí talmhaíochta agus iascaigh, déanfaidh an Coimisiún, ar iarraidh ó Bhallstát nó ar a thionscnamh féin, na bearta is gá a chinneadh tar éis dó, i gcás inarb infheidhme, dul ar iontaoibh an nós imeachta atreorúcháin dá bhforáiltear in Airteagal ***43*** den Chomhaontú. Glacfaidh an Coimisiún na bearta sin trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(3) den Rialachán seo.

   Ar mhórfhorais phráinne a bhfuil údar cuí leo, lena n-áirítear an cás dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme atá infheidhme láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 12(4) den Rialachán seo.

2. Má fhaigheann an Coimisiún an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 ó Bhallstát, déanfaidh sé cinneadh fúithi:

   (a) laistigh de thrí lá oibre tar éis an iarraidh sin a fháil, i gcás nach bhfuil feidhm ag an nós imeachta atreorúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 43 den Chomhaontú; nó

(b) laistigh de thrí lá oibre ó dheireadh na tréimhse 30 lá dá dtagraítear in Airteagal 43(5)(a) den Chomhaontú, i gcás ina bhfuil feidhm ag an nós imeachta atreorúcháin dá bhforáiltear in Airteagal 43 den Chomhaontú.

Tabharfaidh an Coimisiún fógra don Chomhairle faoi na bearta a chinn sé.

*Airteagal 9*

*Dumpáil agus fóirdheontas*

I gcás cleachtas a d'fhéadfadh a bheith ina chúis don Aontas na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 42(2) den Chomhaontú a ghlacadh, déanfar bearta frithdhumpála nó frithchúitimh, nó an dá chineál birt, a chinneadh i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha síos i Rialachán (AE) 2013/1036 agus i Rialachán (AE) 2016/1037 faoi seach.

*Airteagal 10*

*Iomaíocht*

1. I gcás cleachtas a mheasann an Coimisiún a bheith ar neamhréir le hAirteagal 75 den Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó an cás a scrúdú ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin dó ag Ballstát, an beart is iomchuí dá bhforáiltear in Airteagal 75 den Chomhaontú, a chinneadh.

Déanfar na bearta dá bhforáiltear in Airteagal 75(9) den Chomhaontú a ghlacadh i gcás cabhrach i gcomhréir leis na nósanna imeachta atá leagtha síos i Rialachán (AE)2016/1037.

2. I gcás cleachtas a d'fhéadfadh a bheith ina chúis don Chosaiv bearta a chur i bhfeidhm maidir leis an Aontas ar bhonn Airteagal 75 den Chomhaontú, cinnfidh an Coimisiún, tar éis dó an cás a scrúdú, an bhfuil an cleachtas ag luí leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú. I gcás inar gá, déanfaidh an Coimisiún na cinntí iomchuí ar bhonn critéar a thagann as cur i bhfeidhm Airteagal 101, Airteagal 102 agus Airteagal 107 den Chonradh.

*Airteagal 11*

*Calaois nó mainneachtain comhar riaracháin a sholáthar*

1. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, ar bhonn faisnéis arna soláthar ag Ballstát nó ar a thionscnamh féin, gur comhlíonadh na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 48 den Chomhaontú, déanfaidh sé an méid seo a leanas gan mhoill:

(a) Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a chur ar an eolas; agus

(b) fógra faoina chinntí a thabhairt don Choiste um Chobhsaíocht agus Comhlachas, mar aon leis an bhfaisnéis oibiachtúil ar a bhfuil sé bunaithe, agus rachaidh sé i gcomhairle laistigh den Choiste um Chobhsaíocht agus Comhlachas.

2. Aon fhoilsiú de bhun Airteagal 48(5) den Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

3. Féadfaidh an Coimisiún a chinneadh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, cóir fhabhrach ábhartha na dtáirgí dá bhforáiltear in Airteagal 48(4) den Chomhaontú a chur ar fionraí go sealadach. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 12(3) den Rialachán seo.

*Airteagal 12*

*An nós imeachta coiste*

1. Chun críocha Airteagal 2, Airteagal 4 agus Airteagal 11 den Rialachán seo, beidh an Coiste um an gCód Custaim a bunaíodh le hAirteagal 285 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. Chun críocha Airteagal 5 go dtí Airteagal 8 den Rialachán seo, beidh an Coiste um Choimircí a bunaíodh le hAirteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 2015/478 de chúnamh ag an gCoimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

3. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

4. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 8(1) go (4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011, i gcomhar le hAirteagal 5 den Rialachán sin.

*Airteagal 13*

*Fógra*

Beidh an Coimisiún, ag gníomhú dó thar ceann an Aontais, freagrach as fógra a thabhairt don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais agus don Choiste um Chobhsaíocht agus Comhlachas, faoi seach, de réir mar a cheanglaítear sa Chomhaontú.

---

[1] Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).

*Airteagal 14*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Aibreán 2016.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in/sa,

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |